C/2023/600

31.10.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11324 — WARBURG / BROOKFIELD / EVERISE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/600)

1. An 23 Deireadh Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Warburg Pincus LLC ('Warburg', na Stáit Aontaithe),

— BCP V Everise Aggregator LP ('BCP', na Stáit Aontaithe) faoi rialú Brookfield Corporation ('Brookfield', Ceanada),

— BCP V Everise Topco Inc.('Everise', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Warburg agus Brookfield rialú comhpháirteach ar Everise de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh domhanda é Warburg atá gníomhach i réimse earnálacha, cuir i gcás fuinneamh, seirbhís airgeadais, cúram sláinte agus tomhaltóirí, seirbhísí tionsclaíocha agus gnó, agus teicneolaíocht, na meáin agus teileachumarsáid,

— Is bainisteoir sócmhainní domhanda é Brookfield a chuireann réimse táirgí agus seirbhísí infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha ar fáil a dhíríonn ar fhuinneamh in-athnuaite agus aistriú, bonneagar, cothromas príobháideach, réadmhaoin, agus creidmheas agus árachas,

— Cuireann Everise seachfhoinsiú próiseas gnó ar fáil do chuideachtaí, go háirithe sna hearnálacha cúraim sláinte agus árachais, trí sheirbhísí bainistithe tomhaltóirí agus lucht saothair agus seirbhísí cúloifige, chomh maith le tacaíocht uile-bhealaigh agus meán sóisialta a chur ar fáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11324 — WARBURG / BROOKFIELD / EVERISE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË